Cuireann an Chomhairle Ealaíon agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath fáilte roimh iarratais le haghaidh Scríbhneoir Cónaithe Gaeilge don bhliain féilire 2022.

Bunaíodh an chónaitheacht chun timpeallacht spreagthach a chur ar fáil do Scríbhneoirí Cónaithe, agus chun tacaíocht airgeadais a sholáthar dóibh díriú ar a gcleachtas cruthaitheach féin. Anuas air sin, cuireann an chónaitheacht le fuinneamh agus spleodar na hOllscoile, agus tugtar deis do na mic léinn agus don fhoireann acadúil plé le scríbhneoir gníomhach ar feadh saintréimhse.

Eolas faoin gcónaitheacht
Fostófar an Scríbhneoir Cónaithe don bhliain féilire 2022 agus feidhmeoidh sé/sí i gcomhar le **Ceann Scoile Fiontar & Scoil na Gaeilge** in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, áit a mbeidh deiseanna bheith ag plé le pobal na hOllscoile trí chéile.

Tacófar leis an Scríbhneoir Cónaithe agus é/í ag plé le mic léinn agus le baill foirne. Déanfaidh an Scríbhneoir Cónaithe clár imeachtaí a dhearadh i gcomhairle le Ceann Scoile Fiontar & Scoil na Gaeilge agus d'fhéadfadh go mbeadh teagasc, ceardlanna, meantóireacht, imeachtaí poiblí nó gníomhaíochtaí eile i gceist a bheathóidh clár cruthaitheachta na hOllscoile. Ceithre huaire an chloig in aghaidh na seachtaine ar a mhéad an t-am teagmhála a bheidh ag an scríbhneoir le pobal na hOllscoile le linn an tseimeastair agus ní bheifear ag súil go ndéanfaidh an scríbhneoir aon chuid den chroíchuraclam a sholáthar.

Tacófar leis an scríbhneoir díriú ar a c(h)leachtas féin i rith thréimhse na cónaitheachta.

Is é €30,000 an táille a íocfar leis an Scríbhneoir Cónaithe; beidh €20,000 ar fáil ón gComhairle Ealaíon agus €10,000 ar fáil ón Ollscoil. Cuirfear spás ar leith ar fáil don Scríbhneoir Cónaitheach ar champas de chuid na hOllscoile, áit a mbeidh sé/sí in ann díriú ar a c(h)leachtas cruthaitheach féin.

Cé atá i dTeideal Iarratas a Dhéanamh?
Tá an chónaitheacht ar oscailt do scríbhneoirí Gaeilge atá ag obair i ngach seánra agus foirm liteartha. Pléifear le hiarratais ó scríbhneoirí Gaeilge sna réimsí seo: ficsean, filíocht, neamhfhicsean cruthaitheach, úrscéalta grafacha, nó ficsean agus filíocht leanaí agus ógánach.

Le bheith i dteideal iarratas a dhéanamh, ní mór d'iarratasóirí na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- Bheith ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann. Bíonn cásanna eisceachtúla ann nuair a ghlacann an Chomhairle Ealaíon le hiarratais ó dhaoine atá lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. Sula nglacfaí lena leithéid mar iarratas incháilithe, áfach, bheadh ar an iarratasóir scríobh chuig an gComhairle Ealaíon agus a mhíniú go soiléir san iarratas an chaoi a gcuirfeadh torthaí togra den sórt sin leis na healaíona i bPoblacht na hÉireann, agus chaithfeadh an Chomhairle Ealaíon a bheith sásta leis sin. Ba chóir fiosrucháin faoi sin a sheoladh chuig Sarah Bannan, Ceann na Litríochta, ag sarah.bannan@artscouncil.ie.

- Bheith ina n-ealaíontóirí gairmiúla gníomhacha. Cé nach gá go dtuillfidís ioncam go leanúnach ná go heisiach óna gcleachtas ealaíon, ní mór do na hiarratasóirí iad féin a shainiú mar ealaíontóirí gairmiúla agus a bheith aitheanta mar sin i measc a gcomhealaíontóirí.

- De réir Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta dá dualgas bearta dearfacha polasaí a chur i bhfeidhm chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do gach duine a chónaíonn in Éirinn, beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, aois, míchumas, cine nó bheith ina b(h)all den Lucht Taistil. Ina theannta sin, tugann an Chomhairle Ealaíon aird ar leith ar chúlra socheacnamaíoch duine mar fhoras eile ina gcaithfear comhionannas deiseanna a chinntiú. Cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh iarratais a léiríonn ilghnéitheacht shochaí na hÉireann, idir na gnéithe thuasluaite agus gné ar bith eile mar iad.

Conas Iarratas a Dhéanamh
Ní mór do scríbhneoirí na nithe seo a leanas a chur ar fáil agus iarratas á dhéanamh acu:

- Togra mionsonraithe ina leagtar amach conas a rachfaí i bhfeidhm ar mhic léinn, baill foirne agus pobal na hOllscoile i gcoitinne mar aon le taithí ábhartha a léireodh an cur chuige sin;
- Ráiteas an ealaíontóra (leathanach amháin) ina ndéantar cur síos ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcónaitheacht ar chleachtas an ealaíontóra;
- CV, nach faide ná 3 leathanach, ina sonraítear éachtaí/gaiscí ealaíonta go dtí seo.

Ba cheart iarratais a sheoladh: An tOllamh Ciarán Mac Murchaidh ciaran.macmurchaidh@dcu.ie faoi **5.30 pm, Déardaoin, 28 Deireadh Fómhair 2021**. Ní ghlacfar le hiarratais ach ar an rphost amháin. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an spriocdháta sin.

An Próiseas Measúnaithe
Tar éis an spriocdháta d'iarratais, eagróidh an Chomhairle Ealaíon agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath coiste roghnúcháin ar a mbeidh beirt ionadaithe ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ionadaí amháin ón gComhairle Ealaíon agus ball seachtrach ag a bhfuil saineolas liteartha. Cuirfidh an coiste roghnúcháin gearrliosta d'iarratasóirí le chéile bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- teist ealaíonta an iarratasóra de réir mar a léirítear san iarratas í
- caighdeán an smaoinimh/chur chuige (luaite thuas), mar a shonraítear san iarratas é
- tionchar féideartha na cónaitheachta ar chleachtas cruthaitheachta an scríbhneora féin

Aontófar gearrliosta (nach mó ná 6 scríbhneoirí). Glaofar scríbhneoirí gearrliostaithe chun agallaimh i lár mhí na Samhna. Is dócha go reáchtálfar an t-agallamh trí ghlaoch físchomhdhála i gcomhréir le treoirlínte sláinte poiblí. Tabharfar deis do scríbhneoirí ar an ngearrliosta a bpleananna agus a dtaithí a phlé go mion san agallamh. Déanfaidh an painéal an cinneadh deiridh bunaithe ar na critéir thuasluaite agus cuirfear cinntí in iúl faoi dheireadh mhí na Samhna.